Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2021
(OR. en)

14312/20
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0236(COD)**

| | |
|---|---|
| ESPACE 86 | MI 598 |
| RECH 544 | ENER 516 |
| COMPET 664 | EMPL 579 |
| IND 289 | CSC 373 |
| EU-GNSS 26 | CSCGNSS 8 |
| TRANS 628 | CSDP/PSDC 656 |
| AVIATION 258 | CFSP/PESC 1157 |
| MAR 170 | CADREFIN 484 |
| TELECOM 282 | CODEC 1414 |

# DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE

Ábhar: Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear clár spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013, (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh 541/2014/AE

– Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle

## I. RÉAMHRÁ

1. An 6 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán[1] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 5-6 Nollaig 2018[3].

4. An 13 Márta 2019, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an chomhthuiscint[4]. Maidir leis na heilimintí atá idir lúibíní sa téacs, tuigeadh gur fágadh lasmuigh de raon feidhme na caibidlíochta iad, ós rud é gur ghá bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 sula mbeidh an Chomhairle in ann a seasamh a bhunú.

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 17 Aibreán 2019[5].

6. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 an 21 Iúil 2020.

7. Tugadh sainordú caibidlíochta[6] don Uachtaránacht an 4 Samhain 2020, agus cuireadh tús arís leis an gcaibidlíocht. Cuireadh trí cinn de chruinnithe tríthaobhacha ar bun ar an iomlán.

8. An 14 Eanáir 2021, chuir Cathaoirleach an Choiste um Thionscal, um Thaighde agus um Fhuinneamh litir chuig an Uachtaránacht á rá go molfadh sé do sheisiún iomlánach na Parlaiminte an seasamh ón gComhairle a fhormheas gan leasú, faoi réir athbhreithniú a dhéanfaidh dlítheangeolaithe air ina dhiaidh sin, dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil san fhoirm sin inar cuireadh i láthair é san Iarscríbhinn a ghabh leis an litir sin.

---

[1] 9898/18 + ADD 1
[2] 13686/18
[3] 15568/18
[4] 7481/19 + COR 1
[5] P8_TA(2019)0402
[6] 12594/20

## II. CUSPÓIR

Féachtar leis an Rialachán clár spás an Aontais a bhunú, lena n-áirítear a chuspóirí, a bhuiséad agus rialacha a chur chun feidhme. Leis sin, féadfar na rialacháin atá ann cheana lena gcumhdaítear Galileo, EGNOS, Copernicus agus an creat faireachais agus rianaithe spáis a chomhcheangal agus a chuíchóiriú agus gníomhaíochtaí nua, amhail GOVSATCOM, a cheadú.

Leis an Rialachán, bunaítear freisin Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis, a thagann in ionad Gníomhaireacht an Aontais um Chóras Loingseoireachta Satailíte.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Ginearálta

I ndiaidh an vóta sa seisiún iomlánach, chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é d'aidhm leis an méid sin luath-chomhaontú ar an dara léamh a thabhairt i gcrích ar bhonn an tseasaimh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs an chéad sheasaimh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

Ní dhearnadh leasú ar na heilimintí a comhaontaíodh sa chomhthuiscint, faoi réir ceartúcháin ó dhlítheangeolaithe. Áirítear ar phríomhphointí an chomhréitigh ar thángthas air leis an bParlaimint na pointí seo a leanas:

- fad an chláir;
- na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sa chlár spáis;
- na rialacha lena rialaítear rochtain ag tríú tíortha nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar sheirbhísí faireachais agus rianaithe spáis, ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar Sheirbhís Phoiblí Rialáilte Galileo;
- na mionsonraithe maidir le húinéireacht agus úsáid sócmhainní;

- an buiséad agus a dháileadh in aghaidh na catagóire caiteachais;
- na rialacha maidir le cistiú carnach agus cistiú malartach;
- na coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta chun slándáil, sláine agus athléimneacht chórais oibríochtúla an Aontais a chaomhnú;
- ról EUMETSAT agus eintiteas eile;
- an clár oibre;
- na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe is gá.

## IV. CONCLÚID

Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE) chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 14 Eanáir 2021. Cuireann Cathaoirleach ITRE in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí Choiste ITRE, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe, ar dhara léamh Pharlaimint na hEorpa, a fhormheas, faoi réir fíoraithe a dhéanfaidh dlítheangeolaithe an dá institiúid.